Sa dara bliain thosaigh an tionscadal ar chéim nua d'úinéireacht roinnte. D'éirigh leis na mná a thosaigh amach mar fhoghlaimeoirí a bheith mar cheannairí, mar riarthóirí, agus mar mheantóirí. Bhí an gréasán a thóg siad láidir go leor chun glacadh le hathruithe agus le dúshláí.

“ I ndiaidh na hathruithe ceannaireachta go léir inár ngrúpa áitiúil, mothaím gur fhorbair mé scileanna pearsanta agus gur chothaigh mé muinín taobh istigh den ghrúpa de bharr na bhfreagrachtaí nua a thóg mé orm féin.”

“ Nuair a d'athraigh ceannaireacht an ghrúpa, bhí sé deacair do chuid dár mná na láithreacha a bhaint amach, ach de bharr cumarsáid shoiléir agus tacaíocht an oibrí dheonaí, bhíomar in ann é a réiteach go gasta. Bhíomar in ann teagmháil leanúnach a choimeád tríd WhatsApp.”

D'éirigh le réiteach fadhbanna praiticiúla a bheith ina bhealach eile cruthaitheachta, rud a léirigh an bealach gur daingníodh spiorad an ghrúpa.

“ De réir mar a lean gach cuairt an tionscadail ar aghaidh d'fhás cairdeas an grúpa níos mó.”

Spás le haghaidh Oscailteachta agus Leighis

Ba é ceann de na ghnéithe ba shuntasáí de *Birds of a Feather* ná an bealach go raibh spás ann i gcomhair ionracais. Agus lámha gnóthach, croíthe ar oscailt chas an comhrá go minic i dtreo nithe pearsanta.

“ Agus fios a bheith againn go bhfuil grá againn go léir don cheardaíocht agus go mothaímid slán agus tábhachtach ionas gur féidir linn caint faoi mheabhairshláinte, fadhbanna ban, brón, agus réimse leathan de cheisteanna. Is spás thar a bheith speisialta a cruthaíodh de bharr an tionscadail seo.”

“ Bíonn níos mó ná ceardaíocht i gceist – óir is leigheas é. Bímid ag gáire, bímid ag éisteacht, agus tugaimid misneach dá chéile.”

D'amharc na rannpháirtithe ar na ceardlanna mar thearmann—áit ina raibh suaimhneas fiú amháin le linn tréimhsí dúshlánacha.

“ Tá rud éigin faoi a bheith ag suí le chéile, ag obair go ciúin, agus beireann sé deis le bheith ag caint faoi ábhair thábhachtacha ar bhonn níos compordáí.”

“ Bhí laethanta ann nuair a shábháil an gáire mé. Chuir sé i gcuimhne dom go mbíonn sonas ann fiú amháin le linn tréimhsí dúshlánacha.”

Sa timpeallacht seo is ionann cruthaitheacht agus cúram dá chéile—bealach comónta leighis.



Grianghraf ag: Justin Kernaghan

Grianghraf ag: Eva Birdsthistle



Grianghraf ag: Eva Birdsthistle

Áilleacht na hÁite agus na Cuimhne

Bhí ról ag tíreolas an tionscadail chun an spiorad a chruthú. Bhí spreagadh ar fáil ó gach áit, idir an oileán agus an mhórhí. Chruthaigh an áit bé agus cuimhne araon.

“ Is cuimhne luachmhar é coróin blátha a dhéanamh ar Inis Bó Finne: scil speisialta le foghlaim in áit chomh draíochtúil.”

“ Bhí sé chomh speisialta a bheith ag fí le Catherine ar Inis Bó Finne, tá píosa álainn fíodóireachta agam atá ar taispeáint sa bhaile.”

“ Is léiriú é an taipéis ar na cuimhní a chuireamar le chéile; is seoid í.”

Mar thoradh ar gach saothair—mósáicí, taipéisí, bróidnéireacht—léiríodh cuid den scéal roinnte go soiléir, agus ba chuimhní iad ar fad ar na naisc a cruthaíodh.

“ Is é an chuimhne bhuan atá agam ná ceann gach duine cromtha síos, ag caint agus ag cruthú agus ag roinnt scéalta.”

Mar thoradh air seo ar fad chruthaigh na rannpháirtithe léarscáil dlúthpháirtíochta—fite fuaite sna chontaetha agus sna pobail go léir.



Grianghraf ag: Emilija Jefremova

Cruthaitheacht, Fiontraíocht agus Léargas Nua

D’fhás muinín agus uailmhian i gcomhar lena chéile. Do chuid acu, las sé splanc na fiontraíochta; do chuid eile, ba dhearbhu é ar an mbealach gur mheas siad a gcuid ama agus scileanna.

“De bharr na hoiliúna maidir le miondíola tá mé ag déanamh machnaimh ar an gceardaíochtagus is cúis spreagtha dom smaoineamh go mothaíonn mná go mbímid dár meas faoinár luach.”

“Roimhe seo, ní bhíodh sé de mhisneach agam labhairt os comhair aon ghrúpa. San am i láthair, tá mé i gceannas ar cheardlann bheag agus tá mé ag roinnt scileanna ceardaíochta le mná eile.”

“Bhíodh sé de nós agam smaoineamh gur bhain mo chuid ceardaíochta liom féin amháin, ach feicim anois an bealach go nascann siad muid lena chéile. Is cúis bhróid é sin.”

Léirigh an t-athrú ó chaitheamh aimsire cruthaitheach go dtí fiontar cruthaitheach, ní hamháin féidearthachtaí gnó, ach deis cumasaithe freisin.

“Tá meas nua agam ar luach na ceardaíochta agus luach na cruthaitheachta.”

“Beidh tionchar ag an eispéireas seo orm sna míonna agus sna blianta amach romhainn agus beidh mé in ann tarraingt as tobar an eolais agus é a roinnt le tuilleadh mná thart orm.”

Oidhreacht an Naisc

Agus dhá bhliain caite ag cruthú agus ag teacht le chéile tá *Birds of a Feather* i ndiaidh cruthú go bhfuil cruthaitheacht in ann droichid idir dhaoine a thógáil—bíodh daoine aonair, pobail nó contaetha i gceist. Tá an tionchar le brath sa gháire, sa mhuinín agus sa chairdeas a théann amach ó aon cheardlann ar leith.

“Táimid nasctha in oiread bealaí de bharr ár n-eispéiris saoil roinnte agus ár gcuid ceardaíochta.”

“Tháinig an tionscadal seo ag am nuair a theastaigh comhlúadar go mór uaim agus de bharr an gháire go léir tháinig forbairt thar na bearta ar mo chuid muiníne.”



Tá dlúthchairdeas mar oidhreacht bheo sa chás seo—gréasán de chúram a mhairfidh ar feadh i bhfad i ndiaidh deireadh an tionscadail.

“Bhíodh faitíos orm ariamh anall maidir le páirt a ghlacadh, ach anois tá mé slán sábháilte agus páirteach i rud iontach speisialta.”

“Motháim go bhfuil mé saor chun triail a bhaint as aon rud.”

“Tháinig mé chun éin a dhéanamh — ach i ndáiríre is mise a d’fhoghlaim conas eitilt.”


Cumhacht na Cruthaitheachta Roinnte

Agus dhá bhliain caite ag gáire, ag foghlaim agus cruthaitheacht roinnte tá *Birds of a Feather* níos mó ná tionscadal—is gluaiseacht chúram, fiosrachta agus misnigh cruthaitheachta é. Thaispeáin sé, nuair a thagann mná le chéile chun rudaí a dhéanamh agus chun éisteacht lena chéile, go gcruthaíonn siad rud níos mó na saothair s'acu: cruthaíonn siad pobal speisialta.

Amach as an gcéad teagmháil idir strainséirí tá gréasán marthanach cairdis, muiníne, agus sonais. Cuireann sé i gcuimhne dúinn nach mbaineann sé lena dhéanaimid lenár lámha—baineann sé lena dtógaimid lenár gcroí.

“Tá rud speisialta tógtha againn a mhairfidh níos faide ná aon cheardaíocht. Is gréasán cineáltais agus muiníne é a fhásann i rith an ama.”

Seo é an tús agus leanfaimid ar aghaidh le chéile: agus is cruthúnas é go mbíonn toradh rathúil ann nuair a dhéantar cruthaitheacht agus comhbhá a mheascadh le chéile.



Grianghraf ag: Eva Birdsthistle

Oidhreacht *Birds of a Feather*: Ceachtanna Foghlamtha agus Cuimhní Cinn

Anois agus dhá bhliain caite ag *Birds of a Feather*: Scéalta ó Oileán Roinnte tá saibhreas s'aige níos soiléire. Thosaigh sé amach mar thionscadal a thug mná le chéile ó Inis Bó Finne, ó Bhéal Átha na Sluaighe, ó Inis agus ó Bhéal Feirste agus anois is scéal cumhachtach na cruthaitheachta, naisc agus aidhme roinnte é.

Sa dá bhliain de cheardlanna, de chónaitheacht, de thaisteal agus de chomhrá fuair na mná scileanna, ní hamháin scileanna nua as an tionscadal ach an deis chun muinín, pobal agus sonas a bhaint amach. Nuair a thagann mná le chéile chun rudaí a dhéanamh, a roinnt agus chun a gcuid samhlaíochta a úsáid bíonn impleachtaí rathúla ann — a théann i bhfeidhm ar shaol gach duine, a chruthaíonn cairdeas, rud a fhágann oidhreacht mharthanach.

Tugann na cuimhní cinn na príomhcheachtanna le chéile, mar aon leis an léargas agus na torthaí comónta den turas oileáin roinnte seo.

1. An chéad chéim: Sábháilteacht, Fáilte agus Iontaoibh

Ón gcéad lá bhí *Birds of a Feather* beo ar chairdeas agus ar chuimsiú. Bhí go leor de na mná nach raibh a fhios acu cad a bhí i ndán dóibh — bhí siad neirbhíseach faoi bheith páirteach i ngrúpaí nua nó bualadh le strainséirí — ach go luath ina dhiaidh sin bhí siad ar a sáimhín só de bharr cineáltais na mban eile.

“ Bhí mé neirbhíseach ag dul isteach agus ag gáire ag teacht amach.”

“ Bhí an oiread fáilte romham gur shocraigh mé isteach láithreach.”

Léirigh an tionscadal go dtéann sábháilteacht na mothúchán agus an chruthaitheacht le chéile. Nuair a bhíonn mná ar a gcompord, téann siad sa seans, roinneann siad smaointe, agus cuireann siad iad féin in iúl gan srian. B’ionann an iontaoibh sin agus croí *Birds of a Feather* — léiriú praiticiúil d’éiteas an Oileáin Roinnte i bhfeidhm.

“ Ní neart go cur le chéile.”

“ Cibé áit a ndeachamar bhíomar ar ár suaimhneas.”

2. Freastal ar Dhoimhneacht agus Luas

Tháinig a lán cruthaitheachta amach as na ceardlanna agus as an gcónaitheacht — bíodh bróidnéireacht, péinteáil, mósáicí, damhsa nó scríbhneoireacht i gceist. Thaitin an saibhreas agus an dúshlán leis na rannpháirtithe ach chomh maith leis sin roinn siad lena chéile an gá atá le cothromaíocht.

“ Is aoibhinn liom an chruthaitheacht, ach in amanna b’fhearr liom píosa beag níos mó ama díreach chun suí ag caint agus m’anáil a tharraingt ar mo shuaimhneas.”

“ Bíonn daoine chomh gafa sin ag cruthú gur lú seans atá ann chun roinnt: tá an fhéidearthacht ann chun tuilleadh aithne a chur ar a chéile.”

Éiríonn le cruthaitheacht má thugtar fúithi go deas réidh, agus gan aon bhrú. Tharla cuid de na hócáidí ab fhearr idir na seisiúin éagsúla — nuair a bhí daoine ag taistil, ag roinnt béilí, nó i mbun comhrá ciúine nuair a tháinig gáire agus scéalta chun cinn go nádúrtha.

“ Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine, agus bainfidh mé sásamh as na cuimhní iontacha go léir.”

3. Cruthaitheacht mar Mhuinín agus Athrú

Ar cheann de na ceachtanna ba shoiléire ó *Birds of a Feather* ná go dtacaíonn cruthaitheacht le muinín agus sláinte. D’fhoghlaim na mná seanscileanna arís, d’fhoghlaim siad cinn nua agus d’fhorbair siad a gcuid scileanna.

“ Chuir mé iontas orm féin — bhí mo lámha chun tosaigh ar m’intinn.”

“ Bhí botúin mar chuid den scéal. B’in an uair gur imigh an fhaitíos agus gur thosaigh mé ag baint sult as.”

“ Ní raibh bróidnéireacht déanta agam ó bhí mé óg, ach tháinig an modh oibre ar ais — agus cuid díom féin a bhí dearmadta ón tréimhse sin i mo shaol.”

Do chuid acu b’ionann cruthaitheacht agus leigheas — bealach chun gach rud a thógáil go bog, nasc a dhéanamh, agus mothúcháin a léiriú trí dathanna, trí éadaí agus trí ghluaiseacht.

“ Thaitin sé go mór liom an bhróidnéireacht a athbheochaint. Is rud álainn dul i mbun ceardaíochta gan aon bhuaireamh. Cothaíonn sé cumas agus cumhacht.”

“ Am ar shiúil, am ar leithligh, agus am dom féin — ar an mbealach is dearfaí agus is áille.”

D’éirigh leis an tionscadal feasacht ar an gcomhshaol a chothú ar bhealach chiúin chumhachtach. Chuir go leor de na ceardlanna béim ar athchúrsáil ábhair, ag athshlánú olla, agus ag cur beocht ar ais i dteicstílí. Roinn na mná modhanna inbhuanaithe lena chéile, ag cruthú áilleachta agus ag déanamh éadaí a caitheadh ar leataobh á athbheochaint.

“ D’úsáideamar cibé rud a bhí againn — fuilleach olla, seanléinte, píosaí ribíní — agus ar bhealach éigin tháinig sé ar fad le chéile.”

“ Tá rud iontach sásúil faoi rud éigin nua a chruthú ó rud a bhí i mbaol caite amach.”

D’éirigh le héiteas na seiftiúlachta cúram comhshaoil a nascadh le cumasú cruthaitheach — in ómós do thraidisiúin an oileáin i leith deisithe.

“ Níl aon rud ceart nó mícheart: níl ann ach cruthaitheacht, neart sonais — agus gan aon rud curtha amú.”

4. Nasc idir Fhad agus Éagsúlacht

D'éirigh go geal le *Birds of a Feather* toisc go raibh sé bunaithe ar oileán roinnte. Luaigh na rannpháirtithe go leanúnach cé chomh sona is a bhí siad bualadh le mná ó chontaetha éagsúla, ó chultúir éagsúla agus ó ghlúnta éagsúla — agus ag aithint na gcosúlachtaí eatarthu.

“Thángamar ó threonna éagsúla, ach mhothaigh mé go rabhamar ar fad ag bogadh sa treo céanna.”

“Mairfidh an comhthuiscint idir na mná i mo chuimhne, ba chuma cárbh as dúinn.”

“Tá mná ó áiteanna éagsúla in Eirinn in ann nascadh lena chéile — in ainneoin aoise, cultúir, nó náisiúntachta.”

D'fhás an caidreamh de bharr an taistil. Agus iad ag cur aithne ar Inis, ar Inis Bó Finne, ar Bhéal Átha na Sluaighe, agus ar Bhéal Feirste bhí deis ag na rannpháirtithe foghlaim faoi áiteanna éagsúla agus an stair áitiúil — agus chuir siad aithne ar a chéile.

“Agus mé in áit nua den chéad uair, bhí tuiscint nua agam ar an oileán — ní briste, ach roinnte.”

“Bhí sé an-tábhachtach bualadh le mná ó gach cúlra. Mairfidh na naisc i gcónaí.”

Mar chuid de na malartáin seo — gáire ar bhusanna, béilí le chéile, i mbun ceardaíochta le hais a chéile — léirigh na mná an próiseas síochána ag an leibhéal ba bhunúsaí.

“Thógamar comhthuiscint trí chairdeas — go ciúin, ach go daingean.”

comhroinn

5. Ó Rannpháirtíocht go dtí Cumasú

Faoin am go raibh an dá bhliain thart, tháinig go leor ceannairí i measc na mban chun cinn — ag múineadh, ag eagrú, agus ag roinnt a gcuid scileanna le daoine eile. D'fhás cumasú amach as rannpháirtíocht.

De bharr na húinéireachta comhchoitinne d'fhorbair an tionscadal *Birds of a Feather*; gluaiseacht de mhná cruthaitheacha a raibh muinín acu as glór agus fíis s'acu.

“D'fhanainn go dtí gur eagraigh duine éigin eile gach rud. Ach anois is mise an duine a thosaíonn an comhrá.”

“D'éirigh linn go léir foghlaim conas treo a thaispeáint inár seal féin, ag cabhrú agus ag spreagadh a chéile.”

“Tháinig cuimsitheacht i measc na mban toisc gur thacaigh siad lena chéile gan aon bhreithiúnas a thabhairt.”

“Gach duine ag tacú lena chéile mar a bheadh clann mhór amháin.”



Grianghraf ag: Justin Kernaghan

6. The *Birds of a Feather* Inis, Tionscadal Oidhreachta Chontae an Chláir: Athbheochaint ar Bhróidnéireacht an Chláir

Sampla beo na hinbhuanaitheachta agus na cruthaitheachta is ea Grúpa Pobail Mhná na hInse (EWCG) Tionscadal Oidhreachta — Athbheochaint ar Bhróidnéireacht an Chláir a fuair tacaíocht ó Chiste Féinrialach de chuid *Birds of a Feather* ag deireadh 2024.

Ag teacht as rannpháirtíocht s'acu sa phríomh thionscadal, d'éirigh le grúpa na hInse maoiniú a fháil chun seanthraidisiún bróidnéireachta an Chláir a athbheochaint. Agus larsmalann an Chláir ag tacú leo — a bhronn idir spás agus rochtain le déantúsáin bhunaidh — agus faoi stiúir Valery Larkin, d'fhoghlaim na rannpháirtithe faoi lúba traidisiúnta agus iad ag déanamh machnaimh i rith an ama ar shaol agus thionchar Florence Vere O'Brien, ceannródaí maidir le ceardaíocht agus dearadh na hÉireann.

Bhí inbhuanaitheacht mar chuid de chleachtas an ghrúpa, ag úsáid snáitheanna as an nua agus línéadach ón seanam má bhí siad in ann — agus iad i mbun feasachta ar an gcomhshaol a nascadh lena gceardaíocht oidhreachta.

“Thuigearmar go rabhamar ag tabhairt ómóis don am atá imithe in ionad aithris a dhéanamh air — ag baint úsáide as a raibh ar fáil dúinn, rud a rinne mná i gcónaí.”

I gcaitheamh sé seachtaine, chuir siad snas ar a gcuid scileanna, bhain siad triail as teicnící agus chruthaigh siad píosa bróidnéireachta eatarthu mar bhronntanas don larsmalann. Tá an saothar deiridh go hálainn agus siombalach araon: athbheochaint ar oidhrecht, ar ábhair agus ar chruthaitheacht.

Grianghraf ag: Deirdre Leahy



7. The *Birds of a Feather* Béal Feirste, Tionscadal Oidhreachta Chontae an Dúin: An Taipéis

Is píosa ealaíne ollmhór comhoibríoch é an Píosa Oidhreachta Bhéal Feirste a fuair ionsparáid ón Bayeux Tapestry. Amhail an chéad cheann, a léiríonn íomhanna casta, tá an taipéis seo bunaithe ar *Birds of a Feather* ó na chéad chéimeanna leochaileacha go dtí pobal lán mhuiníne.

Tháinig sí ó chomh-dhearadh agus sraith cheardlanna, is meascán é an taipéis de phéinteáil bhróidnéireacht, de fheiltbhrat, agus de mheáin measctha chun breith ar ócáidí, ar mhothúcháin, agus ar gharspriocanna sa dá bhliain. Bhí breis is seachtó bean ó gach réigiún páirteach chun é a chruthú.



Grianghraf ag: Eva Birchall

“Nuair a sheasann tú siar feiceann tú an pictiúr ina iomláine. Ach, nuair atá tú gar dó feiceann tú scéal i ngach aon snáithe.”

“Nuair a fheicimid ar scéal s'againn ar an mbealach seo — feictear dúinn go bhfuil ár gcairdeas fite fuaite go buan.”

Is léiriú é an taipéis ar an scála agus ar an gceardaíocht choiteann de chroí an tionscadail ar fad: aontacht trí chruthaitheacht. Is léiriú marthanach den nasc, den chomhoibriú, agus den chairdeas buan a d'eascair as *Birds of a Feather*.

8. The *Birds of a Feather* Béal Átha na Sluaighe, Tionscadal Oidhreacht Chontae na Gaillimhe: Na hÉin Mósáice

I mBéal Átha na Sluaighe, tháinig mná ó gach ceantar le chéile le bheith páirteach chun píosa ealaíne poiblí a chruthú: mósáic do leabharlannan bhaile. Agus iad faoi stiúir an ealaíontóra ar mhósáic Alison MacCormaic, dhear agus thóg na rannpháirtithe painéil ar na ballaí leathchiorcalach ina léirítear cruinniú na n-éan ar chraobhacha ceangailte go dlúth le chéile — léiriú feiceálach ar an tionscadal féin.

“ Tá a scéal féin ag gach éan, ach is rud i bhfad níos mó iad le chéile — ar nós muidne.”

Chruthaigh gach grúpa éan s’acu féin, ag cur isteach dathanna, patrúin, agus pearsantacht. Beidh an ealaíon ann go buan agus nasc a bheidh ann idir an leabharlann agus an seomra pobail agus an dánlann béal dorais. Beidh plaic chuimneacháin le hainm gach rannpháirtí air in aice leis an mósáic, chun cinnte a dhéanamh de go dtugtar aitheantas poiblí dá gcuid cruthaitheachta.

“ Bhí sé iontach speisialta mósáic a chruthú le chéile — táimid ag fágáil píosa dár gcuid oibre inár ndiaidh le go mbainfidh an pobal sult as.”

Seasfaidh an píosa oidhreacht seo mar shiombail de phobal, de chruthaitheacht agus de chomhoibriú — agus is cuireadh oscailte é do dhaoine tabhairt faoin rud céanna.

Grianghraf ag: Eva Birthistle



9. Ceachtanna Buana agus Cuimhní Cinn

Tá oidhreacht an tionscadail bunaithe ar na heispéiris go léir a bhí ann lena linn. Baineann siad le gáire agus foghlaim, misneach agus cairdeas marthanach, agus an bealach go bhfuil an nasc idir na daoine in ann gach constaic a shárú.

“ An onóir mhór a bhí ann bualadh le mná iontacha ó gach cúlra agus ó áiteanna éagsúla thuaidh agus theas — meascadh leo agus cairdeas buan a chruthú.”

“ Bhí sé iontach neart spraoi agus gáire a roinnt.”

“ Ilchultúrtha, cruthaitheach, grá, spraoi, leigheas, cairdeas, draíochtúil, iontach, cúram, dóchas: iad seo ar fad agus eile.”

“ Tá cuimhní speisialta faoi na mná go léir agus an t-atmaisféar le chéile.”


“ An cairdeas agus an díograis atá ag gach duine dá gceird, agus cé chomh bródúil is atá siad as a gcuid saothar.”

“ Ag athnascadh, barróga, ag féachaint ar an taipéis agus na saothair áille a bhí lárnach sa tionscadal seo — cairdeas agus dúil mhór chun na naisc a leanúint.”

Tógtha le chéile, is turas é seo ina mbogann na glórtha ó bheith éiginnteach go dtí muinín, ó strainséirí go dtí comhoibrithe, ó thaiscéalaíocht chruthaitheach go dtí oidhreacht roinnte. Cuireann siad i gcuimhne dúinn nuair a bhíonn mná in éineacht lena chéile go gcruthaíonn siad níos mó ná ealaíon — cruthaíonn siad muintearas.

10. Ag Cothú Naisc agus Cleachtas Inbhuanaithe: An Bóthar Romhainn

Agus an chaibidil seo de *Birds of a Feather* á dúnadh, leanann a scéal ar aghaidh tríd an gcuidreamh, tríd na scileanna, agus tríd an muinín atá beo i gcónaí — isteach sna grúpaí áitiúla, páirtnéireachtaí nua, agus comhoibriú sa todhchaí.



Ceacht le foghlaim:

Tabhair tús áite don fháilte agus don chineáltas.

Féach ar chruthaitheacht mar phróiseas agus mar aidhm araon.

Tabhair spás do mhachnamh, scíste agus sonas.

Cumasaigh mná le go dtabharfaidh siad treoir agus le go roinnfidh siad eolas.

Lig d’oidhreacht fás as a stuaim féin trí dhaoine agus trí áiteanna.

Bíodh meas ar inbhuanaitheacht — thimpeallacht, shóisialta agus chruthaitheach — ag gach céim.

Léirigh na rannpháirtithe go seasta gur mian leo fanacht i dteagmháil lena chéile — chun an fhoghlaim, an cheardaíocht agus an gáire a leanúint le chéile. San áireamh leis na chéad chéimeanna indéanta eile:

- **Ciorcail chruthaitheacha áitiúla a thagann le chéile i ngach pobal.**
- **Malartáin tras-phobail trí thaispeántais, fhéilte agus trí chuaipteanna.**
- **Dánlanna digiteacha de chartlann scéalaíochta chun naisc chruthaitheacha a chothú.**

Tá inbhuanaitheacht mar chuid d’éiteas marthanach an tionscadail. Leanann go leor rannpháirtithe leo ag úsáid ábhar as an nua agus á n-athchúrsáil ina gcuid oibre, ag múineadh na nglúnta óga gur féidir leis an gcruthaitheacht a bheith samhlaíoch agus cineálta don timpeallacht araon.

“D’fhoghlaimíomar go bhfuil cúram do dhaoine agus cúram don phlainéad mar chuid den rud céanna.”

I measc na gcúiseanna ba mhó bróid de chuid *Birds of a Feather* ba é an bealach gur tháinig ceannaireacht na mban chun cinn. Tá cuid mhór acu ag feidhmiú mar riarthóirí, mar theagascóirí, agus mar mheantóirí ina bpobail féin; tá cuid eile ag eagrú taispeántas, margaí, nó ag múineadh deiseanna den chéad uair.

De bharr tacaíochta leanúnaí, is féidir le *Birds of a Feather* leanúint leis ag forbairt ó thionscnamh rannpháirtíochta ealaíne go dtí gréasán marthanach de mhná cumasacha, cruthaitheacha atá ag múnlú a dtodhchaí inbhuanaithe mar aon le todhchaí inbhuanaithe an oileáin.

Focal scoir

Go bunúsach bhí *Birds of a Feather* mar thurgnamh maidir le cruthaitheacht roinnte agus naisc dhaonna. Léirigh sé go bhfuil cumhacht shéimh ag an ealaíon chun pobail roinnte a dhlúthú, muinín a chothú agus síocháin a thógáil — ní de réir pholasaí nó bhrú ach de réir rannpháirtíochta; tríd an ngníomh shona shimplí de rud éigin a chruthú le chéile.

Sa dá bhliain, d’éirigh leis a bheith ina ghréasán beo de scéalta, de chairdeas, agus de mhuinín athnuaite. Tagann comhdhlúthú na síochána ó gach snáithe, stríocadh scuaibe, agus mósáic — agus, de réir a chéile, tagann cúram don timpeallacht agus cúram dá chéile.

An bóthar romhainn

- **Naisc a chothú idir na mná fud fad an oileáin.**
- **An chruthaitheacht a chothú mar ghléas i dtreo saol folláine.**
- **Tabhair ómós don oidhreacht agus tabhair aitheantas don nuálaíocht agus don inbhuanaitheacht.**
- **Leanúint ar aghaidh ag cruthú oileáin roinnte trí dhéanamh, trí scéalaíocht agus trí chairdeas.**

Agus an chaibidil seo ag teacht chun deiridh, tá fírinne amháin ag seasamh amach go follasach: is é sin go bhfuil an oidhreacht cheart a bhaineann le *Birds of a Feather* ná na mná a ghlac páirt ann — a misneach, a ngreann, a gcuid seiftiúlachta, agus a gcroíthe. Leanfaidh spiorad s’acu ar aghaidh cibé áit a dtagann siad le chéile chun scéal a roinnt, píosa éadaí a athbheochaint, nó suí le chéile i gcomhlúadar cruthaitheach.

“Rinneamar níos mó ná ealaíon — neartaíomar a chéile.”

Ar go leor bealaí, ní deireadh é seo ach tús nua — splanc a scaipeadh ó lámh go lámh, trí phobail agus ghlúnta éagsúla. Agus b’fhéidir gurb é an ceacht ba mhó atá ann ná: go bhfuil síocháin, ar nós ceardaíochta, lámhdhéanta — nasc amháin, cruthaitheacht amháin, gníomh comhfhiosach amháin de chúram ag an am.

Aguisín 1: Modheolaíocht Measúnaithe

Bhí an measúnú ar *Birds of a Feather* bunaithe ar chuir chuige éagsúla a leagadh amach chun sonraí cainníochtúla a aimsiú mar aon le heispéiris cáilíochtúla luachmhara na rannpháirtithe. Ba é an phríomh aidhm ná tuiscint a fhorbairt ar thionchar an tionscadail maidir le sláinte, cruthaitheacht, muinín, agus nasc trasphobail, agus ag an am céanna ag déanamh cinnte de gur tugadh faoi gach gníomhaíocht measúnaithe go tuisceanach, go measúil agus le macántacht eiticiúil.

Cur chuige

Bhí an measúnú bunaithe ar phriosabail rannpháirtíochta agus ar thaighde feimíneach, ag tabhairt aitheantais do thábhacht ghlórtha na mban, an t-eispéireas beo, agus scéalaíocht comhchoitinne. Bhí sé mar aidhm mar chuid den phróiseas na rannpháirtithe a chumasú mar chomhúdair in ionad féachaint orthu mar ábhair an staidéir. Bhí an bailiúchán sonraí atriallach agus machnamhach, agus lig sé seo don mheasúnú teacht chun cinn mar fhreagra ar riachtanais agus ar aisfhreagra na rannpháirtithe.

Modhanna Bailiúcháin Shonraí

1. Agallaimh duine le duine leis na Rannpháirtithe

Bhí treoircheistneoirí leis na mná le linn an tionscadail chun fáil amach faoina dturais phearsanta, faoina gcúis spreagtha, agus faoina machnaimh maidir le rannpháirtíocht. Léirigh na comhráite seo léargas caolchúiseach ar an mbealachgo ndeachaigh rannpháirtíocht in *Birds of a Feather* i bhfeidhm ar a sláinte, a muintearas agus a gcumasú.

2. Breathnóireacht an Rannpháirtí

Bhí an meastóir i láthair ag gach mórócáid agus ceardlann, agus ag feidhmiú mar mheastóir agus rannpháirtí araon. De bharr an mhodha seo bhí léargas díreach ar an dinimic shóisialta, an t-atmaisféar, agus ar an gcaidreamh a cothaíodh trí chomhoibriú cruthaitheach. Bhí na breathnóireachtaí dírithe ar chuimsitheacht, ar rannpháirtíocht, ar ghlór mothúchánach, agus ar ról na cruthaitheachta chun naisc trasphobail a éascú.

3. Suirbhéanna an Rannpháirtí

Scaipeadh suirbhéanna gearra ag gach ócáid chun aisfhreagra cáilíochtúil agus cainníochtúil leanúnach a bhailiú maidir le heispéiris na rannpháirtithe. Bhí suirbhéanna bunaithe ar leithéidí leibhéil sástachta,

foghlaim aitheanta, forbairt scileanna, muinín, agus nasc sóisialta. Toisc gur baineadh úsáid leanúnach as suirbhéanna bhí deis ann chun comparáid fadaimseartha a dhéanamh le linn an tionscadail go léir.

4. Agallaimh le Ceannairí agus le hÉascaitheoirí an Tionscadail

D'éirigh leis na hagallaimh le ceannairí, le comhordaitheoirí, agus le héascaitheoirí na cruthaitheachta tuairimí straitéiseacha agus oibríochtúla a sholáthar. In imeacht ama, bhain na comhráite seo le dúshláin sheachadta, feidhmiú na páirtnéireachta, agus forbairt ar éiteas an tionscadail agus na modheolaíochta.

Cúinsí Eiticiúla

Agus bunús éagsúil agus trasphobail den ghrúpa rannpháirtí á thabhairt san áireamh bhí rannpháirtíocht eiticiúil lárnach sa phróiseas measúnaithe. Fuarthas cead ó gach rannpháirtí, agus míníodh go soiléir an aidhm a bhí leis, cén úsáid a bhí leis, agus an rúndacht a bhain le gach gné den phróiseas. Bhí rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí measúnaithe go hiomlan dá dtoil féin, agus bhí an rogha ag na rannpháirtithe tarraingt amach as an bpróiseas ag aon am agus gan a bheith thíos leis.

Maidir le gach rannpháirtíocht bhí cur chuige ann a bhí tuisceanach ar chúrsaí tráma agus ar chúrsaí cultúrtha mothálacha. Bhí na meastóirí tuisceanach ar chúlráí na rannpháirtithe, féiniúlachtaí, agus an tuiscint a bhí ag eascairt as comhthéacs síochána agus trasphobail an tionscadail. Tugadh faoi gach agallamh agus breathnóireacht ar bhealach a thug tús áite do shábháilteacht mhothúchánach, d'iontaoibh, agus do dhínit. Bhíothas cúramach chun cinnte a dhéanamh de gur léiríodh scéalta na rannpháirtithe go fírinneach, go measúil, agus gan ainm más cuí.

Anailís

Rinneadh anailís de réir téamaí ar shonraí cáilíochtúla a tháinig ó agallaimh agus ó bhreathnóireachtaí chun patrúin thimthriallacha, torthaí, agus cuntas na rannpháirtithe a aithint. Cuireadh sonraí suirbhé cainníochtúla le chéile agus rinneadh achoimre orthu chun fianaise comhlántach a sholáthar maidir le tionchar braite sástachta. Thairg na gnéithe seo le chéile tuiscint iomlánaíoch de thionchar, de bhaint, agus de chomhbhá de chuid *Birds of a Feather* taobh istigh agus taobh amuigh de na pobail rannpháirtíochta.

98% de na rannpháirtithe feabhas maidir le cúrsaí sláinte, rud a threisigh tionchar suntasach an tionscadail ar fhorbairt an duine aonair agus ar chaidreamh an phobail. Is léiriú sa bhreis iad an sásamh agus an fhorbairt ar scileanna pearsanta maidir le rath an tionscadail agus cruthaitheacht, muinín agus comhoibriú á gcoth.

Aguisín 3: Inbhuanaitheacht Bheo: Ag Cruthú go Cúramach

Ón gcéad lá, leag *Birds of a Feather* béim ar inbhuanaitheacht maidir lena chuid gníomhaíochtaí. Sna ceardlanna agus sa chónaitheacht bhain na mná úsáid as ábhair arís is arís, olann as an nua, teicstílí, agus modhanna oibre roinnte a léirigh ómós don cheardaíocht agus don timpeallacht. D'éirigh leis an rud go bhféadfaí a chaitheamh ar leataobh a athchruthú mar rud álainn, tábhachtach agus úrnua.

Bhí éiteas simplí ann ach cumhachtach ag an am céanna: déan go cúramach, ná cuir mórán amú, agus bí an-aireach — ar ábhair, ar phobal agus ar an domhan thart orainn.

Luaigh go leor de na rannpháirtithe an sástacht a bhain le rud éigin a chruthú as rudaí a bhí caite ar leataobh:

“ Bhaineamar úsáid as a raibh againn — píosaí lása, píosaí éadaí, olann athchúrsáilte — agus ar bhealach éigin tháinig áilleacht chun cinn.”

“ Chuir sé sin mo mháthair agus mo sheanmháthair i gcuimhne dom, daoine ab ea iad nár chaith aon rud amach mar go mbeadh úsáid eile leis.”

“ Chuir athshlánú ábhar beocht sa bhreis inár gcuid oibre — rinne sé muid a nascadh leis an traidisiún, leis an talamh agus lena chéile.”

Léiríodh an chruthaitheacht chiorclach seo sna ceardlanna ar fud an oileáin: Rinne na mná bróidnéireacht an Chláir a athbheochaint trí úsáid a bhaint as línéadaigh ón seanam agus snáitheanna bronnta; d'úsáid siad tífleanna athchúrsáilte, gloine, agus blúirí ceirmigh mar aon le héadaí athchúrsáilte.

Bhí níos mó ná praiticiúlacht ag baint leis na roghanna seo; léirigh siad eitic an chúraim agus leanúnachais — in ómós do shean traidisiún na seiftiúlachta in Éirinn agus ag an am céanna ag taispeáint an bhealaigh i dtreo thodhchaí chruthaitheach atá níos inbhuanaithe.

“ Ní bhaineann inbhuanaitheacht le hábhair amháin — baineann sí le dearcthaí. D'fhoghlaimíomar go bhfuil luach i ngach rud atá againn cheana féin.”

Trí athúsáid, trí dheisiú, agus trí athbheochaint, thaispeáin *Birds of a Feather* gur féidir le cúram don timpeallacht agus léiriú ealaíonta dul i dteannta a chéile — ag cruthú go bhfuil rud atá go maith don domhan go maith don anam chomh maith.

Aguisín 4: Réimse na nGníomhaíochtaí

✕ Am sóisialta ag gach Grúpa Ban

✕ Cuairt ar Tionól Thuaisceart Éireann

✕ Siopadóireacht ag Margadh Naomh Seoirse

✕ Iarsmalann an Titanic

✕ Turas Bus thart ar Bhéal Feirste

✕ Rang Céilí Ionsaí na hInse

✕ Bróidnéireacht

✕ Ceardlann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

✕ Sheela na-Gig

✕ Scéalaíocht

✕ Ealaíon Mandala

✕ Turais treoraithe ar Inis Bó Finne, ar Bhéal Feirste, ar Bhéal Átha na Sluaighe agus ar Inis

✕ Turas ar Eachroim

✕ Draíocht Mhiondíola

✕ Stionsaláil ar scláta

✕ Stionsaláil ar Éadaí

✕ Mósáic

✕ Péinteáil

✕ Banúlacht

✕ Cur i láthair Karolina York

✕ Feiltbhrat Fliuch

✕ Coróin Blátha

✕ Siúl Oileáin

✕ Fíodóireacht

✕ Damhsa ar an tSean-Nós

✕ Sníomh Olla

✕ Ciorcal Cniotála

✕ Forbairt Scéil

✕ Scríbhneoireacht Chruthaitheach

✕ Potadóireacht

✕ Ceardaíocht Páipéir

✕ Mufaí útamála

✕ Colláis







✕ Cruthú Cátaí

✕ Damhsa i gCiorcal

✕ Cré agus Gloine

✕ Turas Báid ar an tSionainn agus Siúl sa Dúlra

Birds of a Feather, na huimhreacha



Debbie McCaughey – Natalie Yaffe – Eileen Linder – Florence Duwoody – Isobelle Woodhead – Jean Cross – Kate Girvan – Renee Murray – Isobell (bell) McConnell – Irene Menzie – Linda Morton – Margarette Hands – Ann Anderson – Elaine Smyth – Diane Magill – Ann Magill – Jennifer McCall – Mary Keely – Janette Cousins – Valarie Holmes – Alberta McQueen – Sylvia Milligan – Vera Wilson – Ann Mallaghan – Rosie Darragh – Jackie Goode – Bernie McGuire – Jean O’Hehir – Anne Duffy – Anne Byrnes – Patsi O’Grady – Kimberley Goddard – Lama Al Hassan – Rosanna Clinco – Mary Lynskey – Asmaa Alqanqa – Fatima Al Jamaa – Kitty Cahill – Geraldine Dean – Zara Little Campbell – Majida Sawan – Marian Brannelly – Rena Staunton – Rita Spencer – Florence Mambala – Deirdre Leahy – Una Patton – Yvonne Kelly – Nora Barry – Carmel Mullane – Kirsten Costello – Mary Dormer – Mary Ui Ruairc – Wieslawa O Brien – Martina Corbett – Maura Rafferty – Liz Leamey – Michelle Fallon Toft – Catherine McMahon – Chris O Gorman – Bernadette Malone – Sarah Cummins – Mary RyanSlattery – Mari Clune – Hilary O Sullivan – Rita O Connell – Maureen Rochford – Bernie Callinan – Kathleen Cassidy – Mary Leahy – Louise Skerritt – Debbie Coughlan – Christina O’Reilly – Marian Hayes – Dominique Corr Thomas – Angela McMahon – Bernie McClerkan – Kathleen Coll – Audrey Murray – Catherine O Connor – Jackie Jefferson – Patricia Concannon – Veronica Cunnane – Bridget Cunnane – Xandra Pienaar – Celine Mc Cormack – Bronwyn Lavelle – Jutta Gopfert – Frances Coyne – Maureen Mooney – Margaret Schofield O Halloran – Mary Day Lavelle – Mary Lavelle – Veronika Straberger – Joanne Elliot – Imelda Reidy – Grainne Coyne – Ann Prendergast – Anne Day – Lena Schofield – Cathy O Halloran – Roz Small – Hilary Tonge – Helen Walsh – Niamh O Donovan – Eva Birdthistle – Maire Braniff – Fiona McSweeney – Mary-Anne Kearns – Mags McAlpin

